



Comhairle an  
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 1 Nollaig 2020  
(OR. en)

12937/20

---

**Comhad Idirinstiúideach:  
2020/0316(NLE)**

---

**AELE 84  
EEE 54  
N 49  
ISL 40  
FL 34  
MI 476  
ENER 420**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

Ábhar: CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, laistigh de Chomhchoiste LEE a bhaineann le leasú ar larscríbhinn IV (Fuinneamh) a ghabhann le Comhaontú LEE

---

**CINNEADH (AE) 2020/...ÓN gCOMHAIRLE**

**an ...**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, laistigh de  
Chomhchoiste LEE a bhaineann le leasú ar Iarscríbhinn IV (Fuinneamh) a ghabhann le  
Comhaontú LEE**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 194 i  
gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don Rialachán ón gComhairle (CE) Uimh. 2894/94 an 28 Samhain 1994 a bhaineann  
le socrúithe le haghaidh chur chun feidhme an Chomhaontaithe ar an Limistéar Eorpach  
Eacnamaíoch<sup>1</sup>, agus go háirithe Airteagal 1(3) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

---

<sup>1</sup> IO L 305, 30.11.1994, lch. 6.

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Tháinig an Comhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch<sup>1</sup> ("Comhaontú LEE") i bhfeidhm an 1 Eanáir 1994.
- (2) De bhun Airteagal 98 de Chomhaontú LEE, is féidir le Comhchoiste LEE a chinneadh Iarscríbhinn IV a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú.
- (3) Tá Rialachán (AE) 2016/1719 ón gCoimisiún<sup>2</sup> le hionchorprú i gComhaontú LEE.
- (4) Ba cheart Iarscríbhinn IV a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin.
- (5) Ba cheart, dá bhrí sin, seasamh an Aontais laistigh de Chomhchoiste LEE a bheith bunaithe ar an dréachtchinneadh ó Chomhchoiste LEE,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

---

<sup>1</sup> IO L 1, 3.1.1994, lch. 3.

<sup>2</sup> Rialachán (AE) 2016/1719 ón gCoimisiún an 26 Meán Fómhair 2016 lena mbunaítear treoirlíne maidir le leithdháileadh acmhainne fadtréimhseach (IO L 259, 27.9.2016, lch. 42).

### *Airteagal 1*

Maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais, laistigh de Chomhchoiste LEE i ndáil leis an leasú atá beartaithe ar Iarscríbhinn IV (Fuinneamh) a ghabhann le Comhaontú LEE, bunófar an seasamh sin ar an dréachtchinneadh ó Chomhchoiste LEE<sup>1</sup>.

### *Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle  
An tUachtarán*

---

---

<sup>1</sup> Féach doiciméad ST12938/20 ag <http://register.consilium.europa.eu>